S. 24AT

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2006*

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

(**NÁ** cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

*FOINSÍ*

## 1. PICTÍUIR

***PICTIÚR A.***



**(Foinse: www.antrimtown.co.uk)**

***PICTIÚR B.***



**(Foinse : [www.picture-newsletter.com](http://www.picture-newsletter.com))**

***PICTIÚR C.***



**(Ealaíontóir :  Leo Whelan RHA.  Le caoinchead ó Dhúchas)**

## 2. DOICIMÉID

### DOICIMÉAD 1.

**Sliocht as agallamh le Sarah Carpenter agus le James Patterson, oibrithe monarchan, a foilsíodh san *Ashton Chronicle*, 23 Meitheamh, 1849.**

*Sarah:*

"Thógadar isteach sa teach comhairimh mé agus thaispeáin siad píosa páipéir dom ar a raibh séala de chapall dearg. Dúradar liom mo lámh a leagan ar an séala agus cros a dhéanamh, rud a rinne mé. B'ionann sin agus go gcaithfinn fanacht i Muileann Cressbrook go dtí go raibh mé aon bhliain is fiche d'aois.

An gnáthbhia a bhíodh againn ná císte coirce. Bhí sé tiubh agus garbh. Chuirtí an císte coirce seo isteach i stáin. Chaití bainne beirithe agus uisce anuas air sna stáin. Sin a raibh againn don bhricfeasta agus don suipéar. Don dinnéar, bhíodh pióg phrátaí le píosaí anseo is ansiúd de bhagún beirithe istigh ann againn. Bhíodh sé chomh tiubh le blonag gur ar éigean a bhíomar ábalta é a ithe cé go raibh an oiread sin ocrais orainn go n-íosfaimis aon rud. Ní fhaca muid tae ná im riamh. Bhíodh cáis agus arán donn againn uair sa bhliain. Ní bhíodh cead againn ach trí bhéile sa lá a bheith againn cé go n-éirímis ag a cúig ar maidin agus go mbímis ag obair go dtí a naoi istoíche.

Tugadh ocht bpingine sa bhliain dúinn le caitheamh: ceithre phingine ag an aonach agus ceithre phingine ag na laethanta saoire. Bhíodh orainn trí mhíle slí a chur dínn chun é a chaitheamh. Bhíomar an-bhródúil as, mar shíleamar gur iontach an méid airgid é, sa chaoi nach raibh a fhios againn conas é a chaitheamh."

*James:*

D'oibrigh mise i Muileann Mr Braid in Duntruin. D'oibrigh muid fad a bhíomar ábalta rudaí a fheiceáil. Ní fhéadfainn a rá leat cén uair a scoireamar. Ní raibh aon chlog sa mhuileann. Ní raibh uaireadóir ag éinne ach ag an máistir agus ag mac an mháistir agus dá thoradh sin ní raibh a fhios againn cén t-am é. Níor ceadaíodh do na hoibrithe uaireadóir a bheith acu. Bhí fear amháin ann a raibh uaireadóir aige ach baineadh de é mar d'inis sé an t-am do na hoibrithe.

*Foinse: Spartacus.co.uk*

### DOICIMÉAD 2.

**Sliocht as The Coming of the Third Reich le Richard J. Evans. Penguin Books.**

Cuntas an-bheacht is ea é seo, cé nach bhfuil sé in aon slí neamhchoitianta, ina ndéantar cur síos ar ghníomhaíocht na dtrúpaí ionsaithe. Múinteoir scoile a rugadh in 1898 a chuir ar fáil é. Throid sé sa chogadh agus tar éis dó a bheith gafa le dream i bhfad amach ar an eite dheis i dtús na 1920idí, liostáil sé leis na Naitsithe i 1929. Glaodh air tráthnóna amháin in éineacht lena bhuíon de Léinte Donna chun slógadh Naitsíoch i mbaile mór sa chomharsanacht a chosaint ó na Cumannaithe:

"Bhailíomar go léir le chéile i mbéal an bhaile mhóir agus chuireamar bandaí muinchille bána orainn, agus ansin d'fhéadfá máirseáil thoirniúil ár mbuíne timpeall 250 fear, a chloisint. Ní raibh airm ná bataí againn, ach lenár ndoirne dúnta, mháirseáil muid in ord cinnte agus faoi smacht docht daingean isteach i measc an scréachaidh agus na ngáirí maslacha ón slua lasmuigh de halla an chruinnithe. Bhí bataí agus cláracha fál ina lámha acusan. Bhí sé a deich a chlog istoíche. Tar éis dúinn cúpla inlíocht a dhéanamh i lár na sráide, bhrúigh muid an slua i gcoinne na mballaí chun an tsráid a oscailt. Díreach ag an bpointe sin thiomáin siúinéir tríd an tsráid i dtrucail bheag ina raibh cónra dhubh. Nuair a bhí sé ag gabháil thar bráid, dúirt duine éigin againn "n'fheadar an bhfuil éinne anseo a bhféadfaimis a chur isteach ann". Mhéadaigh ar an scréachadh, ar an bhfeadaíl agus ar na huailleacha.

Sheas an dá líne dár gcolún agus gan cor astu. Bhíodar lán fuinnimh. Tugadh comhartha dúinn agus isteach sa halla linn ag máirseáil, áit a raibh cúpla céad de lucht círéibe ag iarraidh bac a chur lenár gcainteoir. Thángamar díreach in am, ag máirseáil céim ar chéim taobh leis na ballaí go dtí go raibh fáinne déanta againn timpeall orthu, agus gan ach oscailt fágtha ag an doras. Cloistear feadóg. Déanann muid an fáinne a theannadh. Deich nóiméad ina dhiaidh sin bhíomar tar éis iad a bhrú amach faoin aer úr".